## Athbhreithniú Polasaí maidir le Obair Bhaile

## Coláiste na bPiarsach, Ros Muc

**Baineann an polasaí le:**

Scoláirí, Foireann na Scoile, tuismitheoirí, Bord Bainistíochta na scoile chomh maith le Bord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh/ Ros Comáin.

**Cúis:** Chun leanúnachas oibre a chinntiú agus go mbeidh tuiscint ag an scoláire ar obair an lae ar scoil.

***Nóta: Tá sé tábhachtach an polasaí seo a léamh in éineacht le Polasaí Measunúithe na scoile.***

**Aidhmeanna**

- Go mbeidh tuiscint ag an scoláire ar obair an lae ar scoil.
- Go mbeidh sé de chleachtadh ag na scoláirí dul siar a dhéanamh ar obair an lae.
- Go mbeidh taithí acu ar cheisteanna a fhreagairt mar a bheidh ar pháipéir scrudaíthe.
- Breis eolais a aimsiú.
- Chun scileanna taighde a fhorbairt i scoláirí.
- Chun scileanna Féinmheasúnú agus Piarmheasúnú a fhorbairt sa scoláire.
- Go mbeidh aiseolas ag scoláire/tuismitheoir ón múinteoir ar chaighdéan na foghlamtha.
- Go mbeidh an tuismitheoir páirteach i bhfoghlaim agus dul chun cinn an scoláire.
- Scileanna eagrúcháin agus pleánála a fhorbairt sa scoláire.

**Ábhar**

- Cuirtear béim ar obair bhaile sa scoil mar chuid de fhorbairt oideachasúil an scoláire. Is ionann obair bhaile agus aon obair scríofa, foghlamtha nó taighde a thugann an múinteóir le déanamh taobh amuigh de am scoile.

- Caithfidh gach scoláire dialann oifigiúil obair bhaile a bheith aige/aici, áit a gcaithfidh siad sonraí obair bhaile a scríobh go laethúil.

- Ar ocáidí eisceachtúil, glacfar le nóta ón baile muna bhfuil obair bhaile déanta: Mar shampla, freastal ar socráid nó bainis.

- Má bhíonn an scoláire gan obair bhaile go rialta, d'fhéadfaí smachtbhannaí a chur air/uirthi de réir Cód Iompar na scoile.

- Ba chóir do thuismitheoirí/caomhnóirí cinntiú go bhfuil an obair bhaile déanta gach oíche agus an dialann siníthe ar an deireadh seachtaine.Tuigimid i gColaiste na bPiarsach an ról lárnach atá ag an tuismitheoir/caomhnóir in oideachas an scoláire. Is féidir leis an múinteoir ranga, múinteoir bliana agus an príomhoide an dialann a thógail agus seicéail rialta a dhéanamh air. Beidh an dialann an scoláire ar fáil do chruinniú tuismitheoirí.

- Tá sé de chúram ar an Múinteoir Ranga/Múinteoir bliana scagadh a dhéanamh ar an Dialann Scoile agus dul i gcomhairle leis an bPríomhoide más gá

- Ní ghlacfar leis an leithscéal gur fhág an scoláire cóipleabhar/leabhar sa bhaile. Caithfidh an scoláire a bheith eagraithe.

- Cuirtear ranganna clubanna staidéar ar fáil sa scoil gach Luan agus Máirt ó 3.40-6.00. Tabharfar tús áite do na ranganna scrudaíthe.

***I gcás na múinteoirí:***

- Beidh baint ag an obair bhaile leis an obair ranga .
- Míneoidh an múinteoir an obair bhaile go hiomlán.
- Le linn ceartúcháin ar obair na scoláirí déantar cinnte go bhfuil nótaí tráchta an mhúinteora ag díriú ar an méid a rinneadh go maith agus ar chéimeanna chun feabhais.
- Beidh dóthain ama ag daltaí chun nóta den obair bhaile a scríobh síos.
- Déanfar plé ar chaighdeán an obair bhaile ag cruinniú múinteoirí/tuismitheoirí.
- Is feidir tagairt do chaighdeán an obair bhaile ar thuairisc a chuirtear abhaile, gach téarma.
- Ar ocáidí ar leith cuirfear cleachtais an difrealú ar bun agus obair bhaile a dháileadh amach chuig an rang.
- Beidh an foireann múinteoireacht coinsiasach de líon an obair bhaile a thugtar amach. Déanfar iarracht gan mór-obair ar nós aistí agus ar.rl a thabhairt amach go dtí an deireadh seachtaine.
- Tabharfar deis ar ocáidí do scoláirí tosnú ar an obair bhaile roimh dheireadh an rang chun teacht ar aon deacrachtaí a bhféadfadh a bheith acu.
- Ní gá obair bhaile scríofa a thabhairt i gconaí. Tugtar obair bhaile dul siar ar ocaidí chun an foghlaim sa rang a dhaingniú.
- *Bainfear úsáid as straitéisí féinmheasúnú agus piarmheasúnú nuair atáthar ag ceartú obair bhaile. Féach thíos.*

***I gcás na ndaltaí***

- Scríobhfaidh daltaí nóta den obair bhaile a bheidh le déanamh acu sa Dialann.
- An obair bhaile i ngach réimse ábhair tógfaidh sí méid ama réasúnta.
- Má tá ar dhaltaí a lán ama a chaitheamh ar obair bhaile (aistí, tionscadail agus araile) cuirfear sin san áireamh.
- Ní ghlacfar leis an leithscéal gur fágadh cóipleabhar/leabhar sa bhaile nó i dtaisceadáin.
- Má tá scoláire gafa le himeacht eischuraclaim tá sé de dhualgas orthu an obair bhaile a fháil agus é a dhéanamh. Muna bhfuil tuiscint ag an scoláire ar an obair bhaile, tá an dualgas orthu breathnú siar ar a gcuid oibre go dtí seo mar obair bhaile.
- Cuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm i gcás daltaí a bhíonn gan obair bhaile go rialta (ina measc - seans nach mbeidh cead páirt a ghlacadh in imeachtaí eischuraclaim)

- Déanfaidh daltaí iarracht ionraice chun obair bhaile a chur i gcrích go hiomlán agus in am.

- Na daltaí atá as láthair le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gColáiste (m.sh. cluichí peile, díospóireachtaí agus araile) ba chóir dóibh bheith cinnte go ndéanfaidh siad an obair bhaile a tugadh sna ranganna.
- Bainfear úsáid as straitéisí féinmheasúnú agus piarmheasúnú nuair atáthar ag ceartú obair bhaile. Féach thíos.

**Féinmheasúnú**

1. Uaireanta ceartaíonn na scoláirí a gcuid oibre féin agus tugann siad marc nó grád don obair sin.
2. Uaireanta cuireann na múinteoirí líne faoi roinnt botún agus caithfidh na daltaí na botúin sin a cheartú.
3. Aithníonn siad na botúin atá déanta acu, tuigeann siad iad agus foghlaimíonn siad ó na botúin seo.
4. Scoláirí ag oibriú amach iad féin cén céatadán a thuillfeadh a gcuid oibre.

**Piarmheasúnú**

1. Cuirtear ceist ar scoláirí obair scoláirí eile sa rang a cheartú uaireanta.
2. Cuireann scoláirí líne faoi na botúin is mó atá déanta acu uaireanta agus uaireanta eile ceartaíonn siad na botúin
3. Tugann scoláirí an grád oiriúnach don obair.

**Measúnú chun foghlama**
Tá measúnú chun foghlama an-tábhachtach chun aiseolas a thabhairt do scoláirí ar cén chaoi a gcuid foghlama a fheabhsú. Seo iad a leanas na modhanna éagsúla a úsáidtear i gColáiste na bPiarsach chun measúnú chun foghlama a chur chun cinn sa scoil:

1. Roinntear na hintinní foghlama le daltaí ag tús gach rang.
2. Déantar iarracht na daltaí a spreagadh roimh ré le seisiún tobsmaointeoireachta nó obair ghrúpa nó le háiseanna amhairc.
3. Trí úsáid a bhaint as eiseamláirí cabhraítear le scoláirí tuiscint a fháil ar an chaighdeán oibre atá siad ag iarraidh a bhaint amach.
4. Le linn ceartúcháin ar obair na scoláirí déantar cinnte go bhfuil nótaí tráchta an mhúinteora ag díriú ar an mhéid a rinneadh go maith agus ar chéimeanna chun feabhais.
5. Cuirtear deiseanna ar fáil do scoláirí ionas go mbeidh siadsan ábalta a gcuid oibre féin agus obair a gcuid comhscoláirí a cheartú.

**Taifeadadh**

- Má theipeann ar dhaltaí iarracht a thabhairt ar obair a dhéanamh, nó má léiríonn siad go soiléir nach bhfuil suim acu san obair, déanfar nóta de i Lámhleabhar an Mhúinteora agus/nó ar VSware chomh maith le nóta i nDialann na ndaltaí.
- Cuirfear an tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas sa chás go bhfuil cúig threimhse obair bhaile nach bhfuil déanta in achar gearr.
- Tugtar tacaíocht do scoláirí a bhfuil deacrachtaí rialta acu i gcomhlíonadh obair bhaile thríd an gCoiste Cúram.
- D'fhéadfaí scoláirí nach ndéanann iarracht mhacánta obair bhaile a dhéanamh a choinnéail istigh ag am lón nó ar ocáidí tar éis na scoile.

**Cuir i bhfeidhm agus monatóireacht:**

- Múinteoirí ábhair go laethúil mar gnáthchuid dá gcuid cuirimí teagaisc.
- Déanfar plé ar chaighdéan an obair bhaile ag cruinniú múinteoirí/tuismitheoirí.
- Déanfar tagairt do chaighdéan an obair bhaile ar thuairisc a chuirtear abhaile gach téarma.

Braitheann méid an obair bhaile agus dá réir an am a chaitear leis, leis an mbliain ina bhfuil an scoláire ann. Féach thíos mar threoir duit fhéin:

| **Bliain** | **Méid ama** |
|---|---|
| Bliain 1 | 1.5-2 uair |
| Bliain 2 | 2-2.5 uair |
| Bliain 3 | 2-3 uair |
| Bliain 4 | 3.5-4 uair |
| Bliain 5 | 3.5-4 uair |

Nóta: Níl anseo ach treoir.

**Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo ag tús an scoilbhliain 2022/23**

**Faofa ag Bord Bainistíochta Choláiste na bPiarsach, Ros Muc ar an**

..............................

**Cathaoirleach**...............................................

**Dáta**....................................................

.